

# An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

## Tuarascáil Bhliantúil 1/9/2004 - 31/12/2005



Uimhir Láithreoireachta A6/2080

Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta 1649 - 9247

Dearadh : Aonad Foilsitheoireachta Deisce,  
Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Tá an doicimeád (leagan Béarla agus Gaeilge) ar fáil ar shuíomh idirlín an BTCP:  
<http://www.prtb.ie>

# Clár

	Leathanach
<b>Ráiteas an Chathaoirligh</b>	2
<b>Ballraíocht an Bhoird</b>	5
<b>Feidhmeanna an Bhoird</b>	6
<b>Cúlra</b>	8
<b>Gníomhaíochtaí</b>	10
<b>Acmhainní</b>	24
<b>Aguisíní</b>	
Aguisín 1:	Liosta Coistí agus a mBallraíocht 27
Aguisín 2:	Liosta Moltóirí agus Idirghabhálaithe 28
Aguisín 3:	Baill an Bhoird agus a bhfreastal ar Chruinnithe Boird agus sonraí faoi tháillí a íoctar le Baill sa tréimhse 1 Meán Fómháir 2004 - 31 Nollaig 2005 33
Aguisín 4:	Staitisticí Clárúcháin 34
Aguisín 5:	Staitisticí ar Réiteach Díospóidí 35
Aguisín 6:	Próiseas do Réiteach Díospóidí 38

## Ráiteas an Chathaoirligh



Tá áthas orm an chéad Tuarascáil Bhliantúil den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) a chur ar fáil a chlúdaíonn an tréimhse ón am ar bunaíodh é ar an 1 Meán Fómhair 2004 go dtí deireadh 2005.

Is mar thoradh ar ghníomhaíocht an Rialtais athchóiriú agus forbairt a dhéanamh ar an earnáil cíosa príobháideach a achtaíodh an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Ceann de phríomhthorthaí an Achta ná bunú an BTCP atá freagrach den chuid is mó as feidhmiú an chórais nua atá ann do thiarnaí talún agus tionontaí. Tríd an Acht deineadh athchóiriú cuimsitheach ar

an reachtaíocht le cód nua-aimseartha a threisiónn cearta tionóntaí agus a thacaíonn freisin le cur chuige níos gairmiúla ó thiarnaí talún. Leis an gcód nua dlithiúil seo soláthraítear bunús do chaidrimh tionóntachta atá ar chaighdeán i bhfad níos fearr. Tá feabhas tagtha ar chaighdeán agus rogha na cóiríochta freisin leis an méid tithíocht nua atá curtha ar fáil le blianta anuas.

Ó bunaíodh an Bord, tá siad tar éis déileáil le go leor dúshlán agus leanfaidh siad orthu ag déileáil leo agus forbairt á dhéanamh acu ar sheirbhís nua go bunúsach. Ag tosnú amach, bhí orthu cur suas le móréileamh folaigh ar chúnaimh agus eolas. Bhí deacrachtaí acu agus iad ag tosnú amach mar a bhíonn amhlaidh leis an gcuid is mó d'fhiontair nua. Tá an BTCP tar éis déileáil leis na mílte fiosrúchán agus gearán le dhá bhliain anuas. Tá creidiúint mhór ag dul d'fhoireann riaracháin an Bhoird mar gheall ar an gcaoi ar dhéileáil siad leis an mbrú agus leis an rathúlacht atá á bhaint amach anois.

Cláraíodh suas le 84,000 tionóntacht sa tréimhse cúig déag mí go deireadh mí na Nollag 2005. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ó shin ó thaobh líon na gclárúcháin agus laghdú ar an am próiseála, leanann an Bord ag obair chun seirbhísí a gcustaiméirí a fheabhsú. Léireofar breis sonraí faoi na feabhsúcháin seo i dTuarascáil Bhliantúil 2006 atáthar ag súil a bheith foilsithe roimh dheireadh mhí Meithimh 2007.

Tá réimsí ann ina bhféadfadh an BTCP a gcuid seirbhísí a fheabhsú le comhoibriú ó thiarnaí talún agus tionóntaí. Caitear líon mór foirmeacha iarratais a sheoladh ar ais go laethúil de bhrí nach bhfuil siad comhlánaithe ina n-iomláine. Mar sin, bíonn moill gan gá leis an gclárú agus méadú ar ualach oibre fhoireann an BTCP. Tá sé tuairiscithe ag tiarnaí talún freisin go mbíonn deacracht acu tionóntaí a fháil leis an bhfoirm iarratais a shíniú agus a gcuid uimhreacha PSP a thabhairt. Tá an deacracht seo léirithe ag an BTCP tríd na meáin agus tá súil acu amach anseo nach gcuirfidh na gnéithe seo moill ar an bpróiseas clárúcháin níos mó. Tá an BTCP ag leanúint orthu ag forbairt na bpróiseas atá acu le dul i ndiaidh tiarnaí talún agus tionóntaí neamhchláraithe nó tiarnaí talún nach gcloíonn le horduithe de chuid an Bhoird i gcásanna díospóide. Cé nach raibh



tús curtha le haon ionchúiseamh faoi dheireadh 2005 ní amhlaidh an scéal do 2006 agus beidh rathúlacht an BTCP i gcás imeachtaí forfheidhmithe ina ghné de Thuarascáil Bhliantúil 2006.

Is príomhról den BTCP é feidhmiú na seirbhíse do réiteach díospóide do thiarnaí talún agus tionóntaí agus uaireanta do thríú páirtí, agus táthar ag forbairt na seirbhíse go leanúnach. Ag deireadh 2005, bhí suas le 900 iarratas ann ar an seirbhís do réiteach díospóide agus táthar imithe os a chionn sin go dtí seo i 2006. Leagtar amach go soiléir sa reachtaíocht um thionóntachtaí cónaithe na dualgais atá ar thiarnaí talún agus ar thionóntaí agus leis seo tugtar deis do thiarnaí talún maraon le tionóntaí réiteach a fháil ar a gcuid deacrachtaí agus bíonn deis freisin ag na tríú páirtithe a tháinig faoi thionchar díobhálach gearáin a dhéanamh i gcoinne tiarnaí talún ar theip orthu dualgais tionóntaí a fhorfheidhmiú. Léiríonn an tuarascáil seo na cineálacha cásanna díospóide a cuireadh ar aghaidh chuig an BTCP. Suas go dtí deireadh 2005 ba ó thionóntaí a tháinig beagnach 67% de na cásanna díospóide, 28% ó thiarnaí talún agus an chuid eile ó thríú páirtí.

Cé go bhfuil clárú tionóntachta agus réiteach díospóide mar dhá phríomhfheidhm de chuid an BTCP tá ról tábhachtach acu freisin maidir le comhairle ar eolas, taighde agus polasaí. I 2006 rinne an Bord socrú comhpháirtíochta leis an Ionad do Thaighde Tithíochta agus tá siad ag bainistiú roinnt tionscadal taighde ar son an BTCP. Tuairisceofar breis eolais maidir leis na tionscadal seo i dTuarascáil Bhliantúil 2006.

Tá an BTCP ag leanúint orthu ag feidhmiú raon feabhsúchán ina gcuid seirbhísí don phobal. Glactar le híocaíochtaí anois trí chárta creidmheasa agus dochair agus tá feabhsúchán an chórais bunachar sonraí faoi lán seoil, rud a chuirfeas seirbhís iomlán níos fearr ar fáil do thiarnaí talún agus tionóntaí. Táthar ag breathnú ar áis chlárúcháin ar líne freisin a fheidhmiú, rud a dhéanfas an próiseas iomlán níos simplí agus níos tapúla. D'fheabhsaigh an Bord a suíomh idirlín [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie) ar a bhfuil eolas, foirmeacha, orduithe cinnidh agus tuarascálacha binse atá an-úsáideach. Tá an Bord freisin ag smaoineamh athrú go dtí áitreabh a bheadh níos lárnaí ina mbeadh áiseanna níos fearr. Bheadh muid ag súil leis seo go mbeadh teacht níos fearr ar ár seirbhísí le haghaidh éisteachtaí agus i dteannta feabhsúcháin bheartaithe eile, feabhsúcháin ar an tseirbhís teileafóin san áireamh, go mbeifí in ann seirbhís a sholáthar a bheadh ar chaighdeán níos fearr go ginearálta.

Ach in ainneoin an leathnú suntasach ar chóiríocht cíosa ar dhea-chaighdeán le blianta anuas, tá roinnt aonad fós ann atá faoin gcaighdeán. Tá tiomantas sa chomhaontú comhpháirtíochta, *Towards 2016*, go ndéanfar nuashonrú ar rialacháin na gcaighdeán íosta san earnáil cíosa phríobháideach agus go bhforfheidhmeofar go héifeachtach iad. I Meán Fómhair 2006 d'fhógair an tAire Tithíochta agus Athnuachan Uirbeach, Clár Gníomhaíochta cuimsitheach chun na haidhmeanna seo a leanúint suas agus chun feabhsúchán na gcaighdeán sa chóiríocht

phríobháideach ar cíos a chur chun cinn go ginearálta. Tá an BTCP ag súil go gcabhróidh na sonraí clárú tionóntachta leis na húdaráis áitiúla chun na rialacháin caighdeán a fhorfheidhmiú mar a dhéanfas na hacmhainní breise as fáiltais na dtáillí clárú tionóntachta.

Is ag staid forbartha gan dabht atá an BTCP fós. Chomh maith lena gcuid seirbhísí a fheabhsú, tá go leor oibre déanta chun cur lena struchtúir chorparáideacha. Cuid thábhachtach de seo é an t-athrú ó bheith ag brath beagnach go hiomlán ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag an tús go dtí oibriúchán iomlán seasaimh aonair. Ba mhaith leis an mBord aitheantas a thabhairt do thacaíocht na Roinne, go mórmhór na haonaid atá freagrach as an earnáil cíosa phríobháideach, TF, seirbhísí corparáideacha agus cuntasáíochta. Tá an Bord buíoch freisin don tacaíocht airgeadais a fuarthas ón Roinn, cúnamh deontais de €617,776 i 2004 agus €1,703,279 i 2005. Cuireadh soláthar níos mó ar fáil do 2006, sin €3.707 milliún chun tacú leis an athrú chuig oibriúchán seasaimh aonair. Tabharfaidh ráitis airgeadais an Bhoird do 2004 agus 2005, atá faoi iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi láthair, léargas ar an gcaoi a caitheadh na suimeanna seo. Foilseofar na cuntais seo chomh luath agus a chríochnaítear an t-iniúchadh. Cheap an Bord Margaret Taheny-Moore, mar Stiúrthóir buan dá gcuid féin, i mí Iúil 2006 ach ba mhaith leo traoslú le Shirley Groarke ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil a thóg ról an Stiúrthóra uirthi féin don chuid is mó den tréimhse lena mbaineann an Tuarascáil Bhliantúil seo. Is mian liom buíochas a ghlacadh freisin leis an bpainéal Idirghabhálaithe agus Moltóirí a chabhraigh chomh mór sin le hobair an Bhoird. Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhbhaill ar an mBord as ucht a dtacaíocht agus a ndúthracht.



---

Tom Dunne  
Cathaoirleach



## *Ballraíocht an Bhoird*

I mí Dheireadh Fómhair 2004, cheap an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil 15 ball an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Priobháideacha. Daoine gairmiúla agus eolach iad na baill le saineolas i réimsí dlí, eadrána, luachála nó polasaí sóisialta. Seasann na baill mar a leanann:

Tom Dunne (Cathaoirleach)	Ceannaire ar Scoil Eastát Réadaigh agus Eacnamaíocht Foirgníochta, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
James Bridgeman	Abhcóide, Léachtóir Dlí, ITT Baile Átha Cliath
Anne Colley	Aturnae
Aideen Hayden	Aturnae agus Cathaoirleach Threshold
Mary Heaslip	Ceantálaí agus Luachálaí
Sheila McMahon	Príomh-Oifigeach Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil
Fintan McNamara	Cumann Úinéirí Maoine Réadaí na hÉireann
Marjorie Murphy	Aturnae
Conn Murray	Bainisteoir na Cathrach, Comhairle Cathrach Phort Láirge
Liam O'Donnell	Ceantálaí agus Luachálaí agus PF. ar Institiúid na gCeantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla
Dr. Eoin O'Sullivan	Léachtóir Polasaí Sóisialta, Scoil Obair Shóisialta agus Polasaithe Sóisialta, Coláiste na Tríonóide, B.Á.C.
Dervla Quinn	Aturnae
Dr. Bairbre Redmond	Leas Phríomhoide, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna, Coláiste na hOllscoile, B.Á.C.
Pat Riney	Suirbhéir Cairte, Ceantálaí agus Luachálaí
Tony Taaffe	Aturnae

# Feidhmeanna an Bhoird

## Freagrachtaí

Ar an 1 Meán Fómhair 2004, bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha mar chomhlacht neamhspleách de bhonn reachtúil tar éis achtachán an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Tá 3 príomhréimse gníomhaíochta aige: feidhmiú córas náisiúnta clárúcháin do na tionóntachtaí cónaithe príobháideacha uilig; feidhmiú ar sheirbhís do réiteach díospóidí; agus eolas a chur ar fáil, taighde a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir leis an earnáil cíosa príobháideach.

Áiríonn príomhaidhmeanna an Bhoird:

- réiteach díospóidí idir tionóntaí agus tiarnaí talún faoi réir fhorálacha Cuid 6 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004;
- clárúchán ar shonraí tionóntachta faoi réir fhorálacha Cuid 7 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.;
- comhairle a chur ar fáil don Aire maidir le polasaí a bhaineann leis an earnáil cíosa príobháideach;
- forbairt agus foilseachán treoirilínite i leith dea-chleachtas dóibh siúd atá san earnáil cíosa príobháideach;
- eolas a bhaineann leis an earnáil cíosa príobháideach a bhailiú agus a sholáthar, ag áireamh eolas faoi leibhéil reatha cíosa;
- nuair a cheapann an Bord é bheith cuí, taighde a dhéanamh ar an earnáil cíosa príobháideach agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú ghnéithe éagsúla de, nó socrú a dhéanamh le go bhféadfaí taighde agus monatóireacht mar seo a dhéanamh;
- an t-athbhreithniú ar fheidhmiú an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (Cuid 3 go mormhór) agus aon achtachán gaolmhar agus moltaí a réiteach don Aire chun an tAcht nó na hachtacháin seo a leasú; agus
- aon fheidhmeanna breise a thugann an tAire don Bhord a chur i gcrích.

## Rialachas Corparáideach

Tá an BTCP tiomanta ar na caihdeáin is airde rialachas corparáide a choinneáil agus cultúr an dea-rialachais a dhaingniú in oifigí BTCP. Tá dul chun cinn suntasach déanta sa réimse seo agus ghlac an Bord le roinnt príomhdhoiciméad rialachas corparáide. Tabharfar tuairisc mion air seo i dtuarascáil 2006.

## Coistí

Bhunaigh an Bord roinnt coistí, a shonraítear thíos, de réir Alt 157 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 chun cabhrú leo ina gcuid freagrachtaí. Faoi Alt 158(4) den Acht oibríonn na Coistí uilig faoi théarmaí tagartha agus gnásanna a leagan an Bord amach. Áirítear sonraí bhallaíocht na gcoistí seo ag Aguisín 1.





### ***Coiste do Réiteach Díospóidí***

Bunaíodh an Coiste do Réiteach Díospóidí i mí na Nollag 2004 agus tá baill den Bhord air agus daoine eile. Bíonn 3 daoine den choiste seo ar Bhinsí Tionóntachta a bhunaítear d'fheidhmiú éisteachtaí díospóidí. Tá an Bord, i gcomhar leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, aontaithe ar rialacha agus gnásanna faoin gcaoi a reachtáiltear cruinnithe an Choiste do Réiteach Díospóidí agus faoi gcaoi a gcomhlíonann siad a bhfeidhmeanna. Is féidir iad a leasú ag am ar bith le cead ón mBord agus ón Aire. Gníomhóidh an Coiste do Réiteach Díospóidí agus aon Bhinse Tionóntachta a bhunaíonn siad i gcónaí de réir fhorálacha an Ahta.

### ***Coiste Alt 189***

Bhunaigh an Bord Coiste Alt 189 i mí Bealtaine 2005. Buailéann an Coiste le chéile nuair a iarann an Stiúrthóir orthu é de bharr éileamh atá faighte ag an mBord ar iarratas faoi alt 189 den Acht. Tá soláthar in Alt 189 don Bhord maidir le hiarratas a dhéanamh ar an gCúirt Chuarda i leith faoiseamh eatramhach nó idirbhreitheach nuair a cheapann an Bord go bhfuil seo cuí, mar shampla i gcásanna tromchúiseacha d'iompraíocht fhrithshóisialta nó díshealbhuithe neamhdhleathacha. Is é feidhm an Choiste ná cinneadh a dhéanamh faoi ar cheart don Bhord iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda nó nár cheart faoi alt 189 den Acht. Ní gá don Bhord cinntí de chuid an Choiste a dheimhniú, glactar leo mar chinntí de chuid an Bhoird.

### ***Coiste Taighde***

Bhunaigh an Bord Coiste Taighde i mí Meithimh 2005. Is iad feidhmeanna an Choiste ná cinneadh a dhéanamh faoin sórt taighde a bheadh oiriúnach, riachtanach agus inmhianaithe don Bhord le déanamh ag cur san áireamh eolas atá ar fáil don Bhord, socruithe a dhéanamh chun tabhairt faoi thaighde mar seo agus breathnú ar thorthaí an taighde nuair atá siad ar fáil agus tuairisc a thabhairt fúthu don Bhord.

# Cúlra

## Bunú an BTCP

Feidhmíonn an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, a achtaíodh i mí Iúil 2004 agus a thosaigh amach i dhá phas, ar an 1 Meán Fómhair agus an 6 Nollaig 2004, formhór na moltaí atá i dtuarascáil 2000 an Choimisiún ar an Earnáil Cíosa do Chónaithe Príobháideacha. Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) mar bhonn reachtúil ar an 1 Meán Fómhair 2004. Agus iad ag glacadh leis go dtógadh an achtachán roinnt mhaith ama, bhunaigh an Rialtas an Bord i mí Dheireadh Fómhair 2001 chun eolas a thabhairt i leith forbairt na dréachtreachtaíochta agus chun seirbhís idirghabhála a chur ar fáil i gcás díospóidí a thagann isteach, ar bhonn deonach ón dá pháirtí.

Is éard a bhí i gceist go príomha i socruithe na seirbhísí reachtaíochta sa tréimhse roimh Meán Fómhair 2004 ná;- forbairt ar an seirbhís idirghabhála agus breithnithe; coimisiúnú, feidhmiú agus tástáil ar an gcóras TF chun tacú leis na seirbhísí clárúchán agus réiteach díospóidí; dréachtú ar fhoirmeacha, rialacha agus gnásanna cuí; ábhar eolais a chur le chéile; agus socruithe ginearálta riaracháin, ina measc, áitribh fheiliúnacha óna mbeifí ag feidhmiú a fháil agus a fheistiú.

Caitheadh go leor ama ag forbairt na seirbhíse do réiteach díospóidí. Tugadh painéil ina chéile a raibh suas le 200 idirghabhálaí agus moltóir orthu, agus bhí togha cáilíochtaí agus taithe acu. Shocraigh an Bord eolas, oiliúint, agus tacaíocht don phearsanra seo maidir le ceisteanna tiarna talún/tionónta agus na reachtaíochta nua ar thionóntachtaí cónaithe. Bhí suim shuntasach acmhainní i gceist chun poiblíocht agus soláthar a dhéanamh ar sheirbhís “deonach” idirghabhála sular cuireadh tús leis an seirbhís iomlán reachtúil do réiteach díospóidí. Ní raibh an oiread sin tóir ar an seirbhís dheonach áfach mar gheall go gcaitheadh comhaontú tiarna talún agus tionónta a bheith ann chun úsáid a bhaint as an seirbhís. Sa tréimhse seo, chuir an Bord go mór le leasú na bhforálacha réiteach díospóidí san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe.

Tháinig go leor d’fhorálacha Acht 2004 i bhfeidhm ar dháta bunaithe an Bhoird, 1 Meán Fómhair 2004. Ina measc seo bhí;- slándáil tionachta níos fearr trí chóras tréimhsí tionóntachta 4 bliana (Cuid 4); gnásanna nua d’fhoirceannadh tionóntachta, ag áireamh tréimhsí fógra níos faide ceangailte le fad na tionóntachta (Cuid 5); córas nua do chlárú tionóntachta leis an BTCP; agus na forálacha a bhaineann leis an BTCP é féin (Cuid 8).

Tháinig an chuid eile d’altanna an Achta i bhfeidhm ar an 6 Nollaig 2004. Ina measc seo bhí;- an seirbhís nua do réiteach díospóidí tríd an BTCP in ionad Cúirteanna (Cuid 6); forálacha a thug soiléireacht ar na dualgais reachtúla tionóntachta atá ar thiarnaí talún agus tionóntaí (Cuid 2); agus forálacha cíosa a leagan síos nach bhfuil tiarna talún i dteideal cíosa a lorg atá níos airde ná an ráta margaidh agus nach féidir athbhreithnithe cíosa (bíodh an cíosa suas nó síos) a bheith ann níos mó ná uair sa bhliain mura bhfuil athrú mór ar an gcóiríocht (Cuid 3).



Sa tréimhse faoi athbhreithniú, bhí an BTCP ag athrú ón ról ginearálta comhairleoireachta a bhí acu go dtí feidhmiú seirbhísí reachtúla agus ag bogadh ar aghaidh go dtí oibríocht iomlán seasaimh aonair, lena bhfoireann oibre féin, ag déanamh soláthar díreach ar sheirbhísí éagsúla tacaíochta.

Is iontach an tionchar é an reachtaíocht tionóntachta cónaithe a achtaíodh i 2004 agus ó cuireadh i bhfeidhm é tá tionóntaí agus tiarnaí talún anois ar an eolas faoin BTCP agus a fheidhmeanna. Ag an am céanna, níl aon fhianaise ann gur chuir an t-athchóiriú suntasach reachtaíochta sa réimse seo as d'fheidhmiú an mhargaidh ná don soláthar nó rochtain ar chóiríocht ar cíos. Achtaíodh an reachtaíocht seo ag am go raibh leibhéal cíosa ag fanacht mórán mar a chéile agus gan iomarca gnóthú ar chaipiteal ach feictear go bhfuil muinín sa chóras nua toisc nár thug infheisteoirí droim láimhe don mhargadh. Is fiú tabhairt faoi deara freisin nach bhfuil aon chruthúnas ag an BTCP go raibh méadú ar chásanna foirceannadh tionóntachta sul mar tháinig cearta tionóntachta i bhfeidhm, ar an 1 Márta 2005 do réamhthionóntaí.



# Gníomhaíochtaí

## Clárú Tionóntachta

Tá an ceangaltas clárúcháin atá i gCuid 7 den Acht i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2004, agus tugadh isteach é seo in ionad Rialacháin 1996 a bhí ag iarraidh ar thiarnaí talún a gcuid tionóntachtaí a chlárú le húdaráis áitiúla. Tugadh 3 mhí do thiarnaí talún le tionóntachtaí reatha a chlárú ach ní mór iarratais do chlárúchán tionóntachtaí nua a dhéanamh taobh istigh de mhí ó thosaíonn siad. Nuair nach gcláraíonn tiarna talún tionóntacht, níl cead ag an BTCP deileáil le haon díospóid a thabharfadh an tiarna talún ina láthair faoin tionóntacht. Níl tionchar ag neamhchlárú ar chearta na dtionóntaí agus is féidir leo an seirbhís do réiteach díospóidí a úsáid bíodh an tionóntacht cláraithe nó ná bíodh.

Tá roinnt fáthanna ann go gcaithfidh tiarnaí talún a gcuid tionóntachtaí a chlárú leis an BTCP. Baineann na sonraí tionóntachta ach go háirithe le díospóidí cíosa, athbhreithnithe cíosa, foircinn, slándáil tionachta agus gnéithe eile. Tá sé riachtanach freisin eolas córasach cuí a bhailiú le go mbeadh tuiscint níos fearr ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an margadh maidir le maoin chónaithe ar cíos. Oibríonn margaí níos éifeachtaí nuair atá eolas iontaofa agus staitisticí inchreidte ar fáil. Is tairbhe do thiarnaí talún agus tionóntaí maraon leis an stát é eolas níos fearr a bheith acu ar an margadh agus beidh seo amhlaidh tríd an eolas a bhailiú ón bpróiseas clárúcháin.

## Táille ar Chlárúchán Tionóntachta

Is táille €70 an tionóntachta atá ann faoi láthair ach a bheith cláraithe in am, sé sin 1 mí tar éis tosnú na tionóntachta nó €300 do ilhionóntachtaí a bheadh san aon fhoirgneamh amháin agus a chlárófaí uilig le chéile agus iad uilig a bheith in am (sé sin laistigh de mhí amháin ó chuirfeadh an tiarna talún céanna tús leis na tionóntachtaí éagsúla). Níl táille iníochta má tá 2 íocaíocht déanta ar an teaghais leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe sna dó dhéag mí roimhe sin. Níl táille iníochta i gcás nuashonrú ar thionóntacht reatha atá cláraithe.

Maireann an clárúchán fad na tionóntachta, sin uasmhéid de 4 bliana. Má tá an tionónta céanna san áitreabh tar éis 4 bliana caithfear an tionóntacht nua seo atá ag tosnú amach a chlárú as an nua leis an BTCP. Tuigeann an Bord má bhí tionóntaí ag athrú go minic go gcuireann sé níos mó d'ualach ar an tiarna talún.

## Táille atá Deireanach

Nuair a bhíonn níos mó ná tréimhse 1 mí caite ó cuireadh tús leis an tionóntacht nó go bhfuiltear á chlárú, bíonn táille breise de €70 (sé sin €140 san iomlán) le n-íoc ar chlárúcháin deireanacha mar seo. Níl aon eisceacht ann do tháille deireanach agus níl an táille ilchodach ar fáil i leith clárúcháin dheireanacha ar ilhionóntachtaí atá san aon fhoirgneamh amháin. Ní cheadaíonn an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 aon eisceacht ag am ar bith maidir leis an gceangaltas go gcaithfear táille deireanach a íoc is cuma cé na cúiseanna a thugtar nó na fáthanna go bhfuiltear deireanach.




### Staitisticí ar Chlárúchán Tionóntachta

Ó Meán Fómhair 2004, tháinig clárúchán tionóntachtaí isteach ó thiarnaí talún nó a ngníomhairí agus phróiseáil an BTCP iad don chlárúchán. Ag deireadh 2005, bhí 83,983 clárúchán san iomlán ann. Fuarthas 231 iarratas tionóntachta isteach ar an meán chuile lá agus bhí timpeall 38% acu seo nach raibh comhlánaithe i gceart agus b'éigean iad a chur ar ais ag na tiarnaí talún nó a ngníomhairí mar is cuí. Cuirtear iarratais ar ais go rialta mura bhfuil an uimhir PSP tugtha nó má tá sé neamhbhailí, má chuirtear an táille mícheart isteach, mura mbíonn síniú an tiarna talún nó an tionónta nó síniú na beirte déanta, mura mbíonn an dáta do thosnú na tionóntachta tugtha rle. Cé go dtuigeann an Bord go dtógann sé tamall ar an dream a bhíonn ag clárú fáil i gcleachtadh ar chomhlánú na foirme, iarann siad ar thiarnaí talún agus a ngníomhairí araon a bheith níos cúramaí agus iad ag líonadh na foirme. Taispeántar mionstaitisticí clárúcháin ag Aguisín 4.

### Forfheidhmiú ar cheangaltas clárúcháin agus gníomhphlean ar neamhchomhlíonadh

Faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, tá cumhacht ag an BTCP an ceangaltas maidir le clárú tionóntachtaí a fhorfheidhmiú. Leanann an BTCP suas aon eolas a fhaigheann siad faoi thionóntachtaí nach bhfuil cláraithe leis an BTCP. Tagann eolas den chineál seo ó fhoinsí éagsúla, ina measc, údarais áitiúla, baill den phobal, cumainn áitritheoirí agus ó thionóntaí a bhíonn ag atreorú díospóidí chuig an BTCP nó i dteagmháil leis an BTCP mar gheall ar ghnó éigin eile.



Taispeántar in Aguisín 4 líon na n-atreorúchán a fuarthas i 2005 agus an ghníomhaíocht a roghnaíodh.

Ní bhaineann an tAcht ná an ceangaltas clárúcháin le:

- Áitribh gnó, fiú agus páirt-thionóntacht i gceist lena mbaineann Alt 13(a) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí 1980;
- Teaghais lena mbaineann Cuid II d'Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) 1982 (sé sin teaghais a bhí faoi rialú cíosa roimh seo agus áitithe ag an “mbuntionónta” nó a chéile/céile) nó lena mbaineann alt 13(b) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí 1980 (sé sin tionóntachtaí léasa cothromais áitithe fada);
- Teaghais atá ligthe mar thithíocht sóisialta ag nó le húdarás áitiúil nó údarás poiblí eile nó eagraíocht dheonach tithíochta;

- Teaghais atá áitithe ag an úinéir ar léas nó ar léas comhúinéireachta;
- Ligthe do laethanta saoire;
- Teaghais ina bhfuil cónaí ar an tiarna talún é féin ann;
- Teaghais ina bhfuil cónaí ar chéile, tuismitheoir nó páiste leis an tiarna talún agus níl aon léas scríofa nó comhaontú tionóntachta ann; agus
- Teaghais atá áitithe saor ó chíos.

Má tá teaghais ar fáil ar cíos ach gan é ligthe fós, ní gá clárú.

### ***Pionóis ar thiarnaí talún neamhchláráithe***

Tá na céimeanna atá á dtógáil ag an BTCP chun comhlíonadh an ceangaltais clárúcháin a leanúint suas déanta de réir fhorálacha an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, altanna 144 agus 145 ach go háirithe. Áirítear iontu eisiúint fógraí ar thiarnaí talún agus/nó áitritheoirí na dteaghaisí atá i gceist, agus ionchúiseamh na gciontóirí nach gcloíonn leis an gceangaltas clárúcháin. Tugtar sonraí na bhfógraí seo thíos:

- ***Fógra 1 don Tiarna Talún – alt 144(2)***  
Nuair atá seoladh an tiarna talún ar fáil don BTCP, seirbheáiltear fógra ar an tiarna talún ag rá go gceapann an BTCP go bhfuil tionóntacht sa teaghais nach mór a chlárú agus nach mór iarratas clárúcháin a dhéanamh. Éilítear sa bhfógra go dtabharfadh an tiarna talún, taobh istigh de 14 lá, na fáthanna dar leis nach mbaineann an ceangaltas clárúcháin leis.
- ***Fógra 2 don Tiarna Talún – alt 144(3)***  
Nuair nach bhfreagraíonn an tiarna talún an chéad fhógra taobh istigh den tréimhse 14 lá nó go bhfaightear freagra taobh istigh den 14 lá nach n-athraíonn intinn an BTCP faoin gclárúchán, seirbheáiltear fógra ar an tiarna talún ag rá go gcaithfidh sé clárú taobh istigh de 14 lá agus mura ndéanfaidh sé seo taobh istigh den tréimhse ama seo go mbeidh sé ciontach i gcoir faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.
- ***Fógra Áitritheora – alt 145(4)***  
Nuair nach bhfuil ainm agus seoladh an tiarna talún ar fáil, seirbheáiltear fógra ar na háitritheoirí ag iarraidh orthu, taobh istigh de 14 lá, aon eolas atá acu a chabhródh leis an BTCP an Tiarna talún nó a sheoladh/a seoladh a dhéanamh amach a chur ar fáil . Deirtear sa bhfógra sin freisin mura bhfreagraítear taobh istigh de 14 lá go mbeidh an t-áititheoir ciontach i gcoir faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.



- ***Imeachtaí***

Mura gcloíonn na tiarnaí talún agus na háitritheoirí le forálacha an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 mar atá léirithe thuas, gníomhóidh an BTCP ó thaobh ionchúiseamh de réir na cumhachta a gairtear dóibh faoin Acht. D'fhéadfadh gur próiseas fada a bheadh anseo, áfach, mar leis an uastoradh a ghnóthú agus cion coiriúil a chur ina leith, tá sé riachtanach go mbeadh an t-eolas atá ar fáil don BTCP cruinn agus go n-oibríonn an BTCP de réir na ngnásanna cuí. Ní mór ardchaighdeán cruthúnais agus ainm agus seoladh a bheith ar fáil chun tiarnaí talún nó tionóntaí a chiontú go rathúil i gcoireanna coiriúla faoi altanna 144 agus 145 faoi seach. Ní raibh tús curtha le haon ionchúiseamh faoi dheireadh 2005.

### ***Clár Foilsithe***

D'fhoilsigh an BTCP clár tionóntachta i Meán Fómhair 2005 a chur siad le chéile as na sonraí clárúcháin a bhí tagtha isteach ó thiarnaí talún. Tá an clár foilsithe ar fáil ar shuíomh idirlín an BTCP ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie) agus is féidir breathnú ar chóip crua in oifigí an BTCP. Ba cheart go mbeadh an clár foilsithe a nuashonraítear faoi dhó sa bhliain úsáideach do bhaill den phobal ach níl aon eolas ann a thabharfadh le fios cé hé tiarna talún/tiarnaí talún nó tionónta/tionóntaí na teaghaise, nó an méid cíosa atá iníoctha faoi thionóntacht na teaghaise.

Is éard atá sa chlár foilsithe ná pictiúr den chlár ag am ar leith, a thógtar de ghnáth ón gcóras ríomhaireachta a úsáideann an BTCP chun sonraí a thairgeadh faoi dhó sa bhliain ar na tionóntachtaí uilig a chláraítear. Dá réir sin, ní bheadh tionóntachtaí a claraíodh san idirthréimhse san áireamh nó iarratais chlárúcháin a deineadh le deireanas agus nach bhfuil próiseáilte ina n-iomláine.

### ***Clár d'Údaráis Áitiúla***

I Meán Fómhair 2005, chuir an BTCP eolas ar fáil as a gclár tionóntachta do gach údarás áitiúil, ar bhonn ceantar feidhme, a bhí riachtanach go leor i leith feidhmeanna an údaráis a chur i gcrích maidir le forfheidhmiú na rialachán chaighdeán agus leabhair chíosa i dtithe, i dteaghaisí nó i struchtúir eile (go ginearálta nó iad siúd atá curtha ar fáil ag an údarás).

### ***Maoiniú chuig Údaráis Áitiúla***

De réir na bhforálacha san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, tugadh maoiniú d'Údaráis Áitiúla i leith táillí clárúcháin nach raibh íoctha mar gheall ar an gcóras nua clárúcháin a tugadh isteach. I mí na Nollag 2004 roinneadh €462,885 ar údaráis áitiúla le haghaidh na tréimhse 1 Meán Fómhair go dtí 31 Nollaig 2004 agus i mí na Samhna 2005 roinneadh €1.582 milliún ar údaráis áitiúla le haghaidh 2005.

Ón mbliain 2006 ar aghaidh, bunófar an dáileadh airgid atá ar fáil as táillí clárúcháin ar údaráis áitiúla de réir na staitisticí a chuireann siad ar fáil maidir lena leibhéal gníomhaíochta i bhforfheidhmiú Rialachán Chaighdeán agus Leabhair Chíosa, chomh maith leis an méid

tionóntachtaí atá i gceantar feidhme gach údarás tithíochta agus beidh sé coigeartaithe chun an dáileadh neamhchothrom ar an airgead ó tháillí clárúcháin don tréimse tionóntachta 4 bliana a thógáil san áireamh.

### ***Foirm Athbhreithnithe do Chlárúchán Tionóntachta***

Tar éis don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoirm chlárúcháin tionóntachta i 2005 agus tar éis a bheith i gcomhairle le tiarnaí talún agus tionóntaí ionadaíochta, réitíodh foirm athbhreithnithe do chlárúchán tionóntachta atá ar fáil ó mhí na Samhna 2005.

### ***Ceisteanna a d'eascair as an bpróiseas clárúcháin***

Faoi mar is féidir tarlú le haon togra atá iomlán nua, tá an BTCP tagtha ar roinnt deacrachtaí beaga maidir le feidhmiú an chórais clárúcháin. Tá baint mhór ag an líon ollmhór glaochanna agus athiarratas leis seo. Tá go leor iarratas curtha ar ais agus fós á gcur ar ais chuig tiarnaí talún mar gheall go bhfuil eolas tábhachtach riachtanach in easnamh.

Tá an Bord buíoch do go leor tiarnaí talún mar gheall ar a gcomhoibriú le linn tústréimhse feidhmíochta an chórais nua clárúcháin. Tá siad an-sásta go bhfuil leibhéal réasúnta ard tiarnaí talún ag tacú leo agus tá sé i gceist acu tógáil ar an mbonn dea-thacaíochta seo. Táthar ag breathnú ar an gcóras clárúcháin a fheabhsú, agus b'fhéidir córas clárúcháin ar líne a bheith ann, ach caithfear an reachtaíocht a leasú chuige seo.

An teachtaireacht thábhachtach atá an BTCP ag iarraidh a chur trasna ar thiarnaí talún ná go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach nuair atá socrúithe nua tionóntachta i gceist go gcuireann na tionóntaí nua an uimhir PSP atá acu ar an bhfoirm chlárúcháin agus go síníonn siad é ag tús na tionóntachta. Ar an mbealach seo, tá an tiarna talún cinnte go mbeidh an t-iarratas chuig an BTCP déanta taobh istigh den am atá ceadaithe agus go mbeidh sé i dteideal aon díospóid faoin tionóntacht a chur faoi bhráid an BTCP.

### ***Seirbhís do Réiteach Díospóidí***

Réimse gníomhaíochta suntasach eile de chuid an BTCP ná réiteach díospóidí faoi Cuid 6 den Acht a tháinig i bhfeidhm ar an 6 Nollaig 2004. In ionad na gcúirteanna, tá an seirbhís do réiteach díospóidí ann anois le haghaidh formhór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí. Oibríonn an Bord próiseas dé-chéime do réiteach díospóidí. (Féach Aguisín 6). Sa gcéad céim, beidh idirghabháil má roghnaíonn an dá pháirtí é seo, maraon le breithniú. Tá an idirghabháil agus breithniú rúnda do na páirtithe. Is éisteacht phoiblí de chuid binse Tionóntachta atá i gceist sa dara céim mura réitítear an cás ag Céim 1. Cuireann an Bord roinnt cásanna ar aghaidh díreach go dtí Céim 2.





### ***Ceapachán Painéal Idirghabhálaithe agus Moltóirí***

Bhunaigh an Bord painéal idirghabhálaithe agus moltóirí i mí na Nollag 2004, de réir alt 164(4) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 le haghaidh tréimhse 3 bliana ar a laghad. Píochtar Idirghabhálaithe agus Moltóirí as cúlraí, scileanna agus taithí éagsúla a áiríonn luacháil, eadránú, suirbhéireacht cairte, dlí agus gnó. Bíonn na hIdirghabhálaithe agus Moltóirí, in úsáid a gcuid saineolais, ag iarraidh díospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí a réiteach. Tá liosta Idirghabhálaithe agus Moltóirí iniata ag Aguisín 2.


### ***Seimineár do Mholtóirí agus Idirghabhálaithe***

Bhí seimineár eolais do mholtóirí agus idirghabhálaithe ar siúl in Óstán Westin, Sráid Westmoreland ar an 25 Samhain, 2005. Ba é aidhm an tseimineáir ná súil a chaitheamh ar an gcur chun cinn go dtí seo agus ar na ceachtanna a bhí foghlamtha thríd an seirbhís do réiteach díospóidí. Ag an seimineár bhí deis freisin ag moltóirí agus idirghabhálaithe plé a dhéanamh ar phróiseáil cásanna díospóide.



Scaipeadh thart treoirnótaí ar rannpháirtithe an tseimineáir faoi chomhaontuithe idirgafa agus comhaontuithe a dtángthas orthu ag breithniú maraon le treoirlínte ar réiteach tuarascálacha um bhreithniú agus idirghabháil.

## Staitisticí ar Réiteach Díospóidí




Le linn 2005, fuair an BTCP suas le 900 iarratas ar réiteach díospóidí. Réitigh an Bord líon an-mhór de na díospóidí a tugadh ina láthair trí eolas a chur ar fáil do na páirtithe féin a bhí ansin in ann a theacht ar réiteach gan seirbhís foirmeálta réiteach díospóidí an Bhoird a úsáid. Feiceann an Bord gur cuidiú mór é seo maidir le díospóidí a réiteach idir tiarnaí talún agus tionóntaí.

Ag deireadh 2005, bhí beagnach 50% de na cásanna díospóide críochnaithe nó beagnach próiseáilte, agus bhí an 50% eile ag chéad staid na próiseála.

Nóta: Ciallaíonn beagnach próiseáilte go raibh éisteachtaí ann nó socrúithe le bheith ann. Ciallaíonn chéad staid na próiseála ag fanacht le doiciméadú óna páirtithe nó faoi scrúdú.


Bhí 25 iarratas díospóide, ar an meán, ag teacht isteach sa tseachtain.




Faoi dheireadh 2005, bhí ordúithe cinnidh ceangailteacha eisithe ag an BTCP i leith 99 cás, sonraí faoi 98 acu seo foilsithe ar a suíomh idirlín - ní fhoilsíonn an BTCP ordúithe cinnidh a léiríonn comhaontuithe ar dtángthas orthu ag idirghabháil ach foilsíonn siad comhaontuithe ar dtángthas orthu idir na páirtithe ag breithniú. Is iad na cineálacha cásanna díospóide atá curtha os comhair an BTCP go dtí seo ná coinneáil éarlais, díshealbhuíthe neamhdhleathacha, Fógraí foirceanta atá neamhbhailí, rósheilbh, riaráistí cíosa, sárú eile ar dhualgais tionónta, sárú ar dhualgais tiarna talún, agus cásanna iompraíochta frithshóisialta a thugann tríú páirtí. Is é an tionónta a thugann beagnach 67% de na cásanna, tugann an tiarna talún 28% acu agus tríú páirtí an chuid eile.



### Cásanna Díospóide de réir Catagóir




### Cásanna a Thógann Tionónta



Baineann 64% de na cásanna a thógann tionóntaí le coinneáil éarlais mar a léirítear sa chart thuas.


Ag deireadh 2005, bhí iomlán de 99 Cás Díospóide um Choinneáil Éarlais críochnaithe. Léiríonn anailís ar na torthaí gur bh éigean don tiarna talún i 72 cás (73%) an t-éarlais iomlán nó cuid de a aisíoc leis an tionónta.

### Cásanna Coinneáil Éarlais Críochnaithe - Toradh




Taispeánann anailís bhreise atá léirithe sna cairteanna ar leathanach 18 luach na n-éarlais a bhí coinnithe agus déantar comparáid idir an líon éarlais a aisíocadh/a bhí páirt aisíoctha agus an líon éarlais a coinníodh/a raibh cuid díobh coinnithe.

### Cásanna Coinneáil Éarlais Críochnaithe - Luach



### Cásanna Coinneáil Éarlais Críochnaithe - Éarlais Iomlán/Cuid de Aisíochta v Éarlais Iomlán/Cuid de Coinneáil



Is é an teachtaireacht atá an BTCP ag iarraidh a thabhairt do thiarnaí talún ná gur leis an tionónta an t-éarlais a thugann siad don tiarna talún ar an tionóntacht agus nach bhfuil cead ag tiarnaí talún an t-airgead seo a chaitheamh ar athchóirithe rle. Níor chóir é a úsáid ach amháin do riaráistí cíosa ar chríochnú na tionóntachta nó ar chostas damáiste a dhéanann an tionónta don teaghais taobh amuigh den ghnáthúsáid agus caitheamh. Tugtar comhairle do thiarnaí talún scrúdú a dhéanamh ar an teaghais sula bhfágann an tionónta é chun aon cheisteanna maidir le damáiste a réiteach.



## *Sampla de 2 Chás Coinneáil Éarlais.*

### **Cás 1.**

Ag deireadh na tionóntachta, agus an teaghais scrúdaithe in éineacht le fear céile an iarratasóra (an tionónta), dúirt an freagróir (tiarna talún) go raibh an teach i ndea-chaoi agus go n-aisíocfadh sé an t-éarlas de €1,015. Bhí cara leis an iarratasóir mar fhinné ar an ráiteas seo. D'iarr an tiarna talún go nglanfaí amach bothán gairdín agus deineadh é seo agus bhí dearbhú ann i dteastas a thug na tionóntaí nua.

Ina dhiaidh sin dúirt an tiarna talún nach raibh an cuisneoir ag obair agus nach raibh sé ach le leath an éarlais a aisíoc. Thug an tionónta liosta de rudaí gurbh éigean dise déileáil leo le linn na tionóntachta, ina measc, fuinneog cistine a bhí briste, buantheise, nárbh fhéidir léi an cith a úsáid mar go raibh sceitheadh uisce sa seomra folctha, briseadh síos sa chóras teasa agus fadhbanna leis an leictreachas sa mbothán gairdín. Dúirt an tionónta freisin gur íoc siad féin as píosa cairpéid nua don teach, gur cheannaigh siad leaba dá bpáiste agus gur shocraigh a fear céile an leictreachas sa mbothán gairdín agus claí briste sa ghairdín.

Dúirt an tiarna talún go raibh fianaise soiléir ann gur deineadh foligean neamhúdarásach ar an maoin agus gurb é a thuairim go raibh baint ag rósheilbh an tí tríd an bhfoligean seo leis na deacrachtaí taise a lua an tionónta agus gur míniú é ar mheath an troscáin, a bhí taobh amuigh de ghnáthúsáid agus caitheamh. Nuair a d'athraigh na tionóntaí nua isteach tharla sé nach raibh an cuisneoir ag obair. Dúirt an tiarna talún freisin nach raibh an cairpéad nua a ceannaíodh chomh maith leis an gceann a bhí ann agus gur cheart don tionónta é a cheistiú sular athraigh sí é. Thug sé le fios nach raibh a fhios aige faoin bhfuinneog briste sa teach ach gur rinne sé socrú chun an córas teasa a dheisiú chomh luath agus a bhí a fhios aige faoi. D'admhaigh sé gur dheisigh fear céile an tionónta balla beag sa ghairdín agus gur thug sé ar ais an costas a d'aontaigh siad araon air don ábhar a úsáideadh.

Shéan an tionónta gur deineadh foligean, ach d'admhaigh sí gur thóg siad isteach cara ar feadh cúpla seachtain. Níor ghlac an tionónta leis go raibh freagracht uirthi don chuisneoir agus ag deireadh na tionóntachta chuir sí in iúl don tiarna talún nárbh mhór díreo a dhéanamh air. D'admhaigh sí gur íoc an tiarna talún iad as an gcostas le haghaidh an balla a dheisiú, ach nár íocadh a fear céile as an obair.

Tar éis staidéar a dhéanamh ar an doiciméadú cuí ar comhad agus an fhianaise a chloisteáil ag an éisteacht dúirt an moltóir:

- Go raibh an teach i ndea-chaoi nuair a rinne an tiarna talún agus na tionóntaí scrúdú ar an áit ag deireadh na tionóntachta.

- Nach raibh aon fhianaise dochloíte tugtha ag an éisteacht a thabharfadh le fios gurbh iad na tionóntaí ba chúis le haon damáiste a bhí ar an troscán ina dhiaidh sin.
- Gur glanadh amach an bothán sa ghairdín faoi mar a d'iarr an tiarna talún ag am an scrúdaithe.
- Gur shéan an tionónta gur deineadh foligean, ach gur admhaigh sí gur chuir siad cóiríocht ghearrthréimhseach ar fáil do chara leo.  
Níor cheap an moltóir go mbeadh aon bhaint aige seo leis an méid den éarlas a bheadh le haisíoc.

Mar chríoch dúirt an moltóir nach raibh fáthanna bailí ann go gcoinneodh an tiarna talún an t-éarlas iomlán nó cuid de agus chinn sé go n-aisíocfadh an tiarna talún an t-éarlas.

## Cás 2

Níor fhreastal an t-iarratasóir (an tionónta) agus ní raibh ionadaíocht aici ag an éisteacht. Luaigh an tionónta ina hiarratas ar Sheirbhísí Réiteach Díospóidí gur thóg sí an teaghais ar cíos ón 1 Feabhra 2003 go dtí Márta 2005. Mhaígh sí gur iarr sí ar an bhfreagróir (tiarna talún) ag tús 2005 roinnt deisiúchán a dhéanamh ar an teach ach gur dhiúltaigh sé seo. Mhaígh sí freisin gur mhol oibrí leasa shóisialaigh di an chóiríocht a fhágáil mar gheall ar bhail an tí. Bhí an tionónta ag éileamh an éarlais €1,300 a bhí íoctha aici le go n-íocfadh sí an cíos as do mhí na Márta, sé sin an mhí deiridh aici ag áiteamh an tí, ach ní cheadódh an tiarna talún é seo.

Shéan an tiarna talún gach a raibh ráite aici. Dúirt sé gur sheiceáil sé leis an roinn leasa shóisialaigh agus gur dhúirt siad nár chuir siad comhairle ar an iarratasóir an teach a fhágáil. Dúirt an tiarna talún gur lig sé an teach ina dhiaidh sin le tionónta a bhí ag fáil fóirdheontas cíosa ón roinn leasa shóisialaigh agus go raibh an tionónta sin fós ann.

Dúirt an Tiarna Talún gur lig sé an teaghais leis an tionónta ar an 1 Feabhra 2003 ar chíos €1,300 sa mí agus gur bhfuair sé éarlas de €1,300 uaithe. Fuair sé suim breise de €500 ón roinn leasa shóisialaigh ina dhiaidh sin, a thug sé ar lámh don tionónta ar chomhairle na roinne agus fuair sé admháil air seo ón tionónta.

Dúirt an tiarna talún go raibh An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh ag cur fóirdheontas cíosa ar fáil don tionónta. Bhí an Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh ag íoc €1,148 isteach go díreach i gcuntas an tiarna talún agus bhí an €152 eile le n-íoc ag an tionónta. Tháinig íocaíochtaí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh uilig isteach sa chéad bhliain den tionóntacht ach níor íoc an tionónta ach seacht gcinn de na dó dhéag íocaíocht €152 a bhí le déanamh aici. Fuair an tiarna talún íocaíocht de €100 eile tar éis dó fógra foirceanta tionóntachta a bhagairt.

D'aontaigh an tiarna talún le léas 12 mí eile in Aibreán 2004 ar chíos laghdaithe de €1,200 iníoctha gach mí go riaráisteach. Bhí gealltanais ar leith ag dul leis seo, sé sin íocaíochtaí €1,148 na Roinne

Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh, íocaíocht €52 an tionónta agus fógra 1 mí i scríbhinn chun tionóntacht a fhoirceannadh. Ar an 24 Márta 2005, chuir an tionónta agus a clann in iúl don tiarna talún go raibh siad ag fágáil an tí. Fuair an tiarna talún amach ina dhiaidh sin go raibh cíos ag dul dó ar mhí Márta agus tar éis seiceáil leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh, fuair sé amach go raibh socrú déanta, in Eanáir 2005, ag an tionónta leis an Roinn na seiceanna íocaíochta a chur díreach chuici féin.

Dúirt an tiarna talún nuair a chas sé leis an tionónta ag an teaghais ar cíos go ndúirt sí nach raibh seic na Roinne Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh do mhí Márta tagtha fós. Dúirt sé gur fhág sí an teach ansin go tobann, agus gur dhiúltaigh sí litir a shíniú ina raibh liosta déanta aige faoin méid damáiste a bhí déanta don mhaoin agus faoi nithe a bhí ar iarraidh ón teach. Chuir an tiarna talún doiciméadú ar fáil ag tacú lena fhianaise.

Go hachomair, dúirt an tiarna talún gur fógra de lá amháin a thug an tionónta sular fhág sí an teaghais cé gur fógra míosa a bhí ráite sa chomhaontú tionóntachta. Níor bhfuair sé aon chíos ar mhí deiridh na tionóntachta agus chaill sé cíos míosa eile mar gheall nár thug sí an fógra a bhí riachtanach. Mheas an tiarna talún idir costas iomlán an chaillteanais cíosa, an damáiste don mhaoin agus na nithe a bhí ar iarraidh as an teach go dtiocfaidís ag €3,821.

Dúirt an moltóir:

- Gur íoc an tionónta éarlas de €1,300 leis an tiarna talún i mí Feabhra 2003 don tionóntacht.
- Nár íoc an t-iarratasóir an cíos €1,200 a bhí dlite ar an mí deiridh dá tionóntacht.
- Gur thug an tionónta fógra de lá amháin agus í ag fhoirceannadh na tionóntachta cé go raibh fógra míosa aontaithe ag tús na tionóntachta. Ní mór don tionónta, de réir alt 66 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, fógra 35 lá a thabhairt i gcásanna den chineál seo, nuair a bhíonn fad na tionóntachta níos mó ná 6 mhí ach níos lú ná 1 bliain.
- Go raibh costas ar an bhfreagróir chun an damáiste don mhaoin a dheisiú agus rudaí nua a chur in áit na rudaí a bhí ar iarraidh. Tharla nach raibh an t-iarratasóir i láthair ag an éisteacht níorbh fhéidir déanamh amach cé mhéid baint a bhí ag an gcostas seo le tionóntacht an iarratasóra sa teaghais.

Mar chríoch chinn an moltóir go raibh an méid a chaill an tiarna talún ar chíos neamhíochta mhí Márta agus ar an easpa fógra riachtanach d'fhoirceannadh na tionóntachta níos airde ná an t-éarlas a bhí íochta ag an tionónta. Faoi Alt 12, Fo-alt 4 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, ní gá don tiarna talún an t-éarlas a aisíoc i gcúinsí mar seo. Chinn an moltóir nach raibh an tionónta i dteideal aisíoc an éarlais €1,300.

Moltar do thiarnaí talún agus tionóntaí araon a theacht timpeall ar cheisteanna faoi choinneáil éarlas ar bhealach réadúil agus ciallmhar.

Tugtar Staitisticí Réiteach Díospóidí atá níos mine ag Aguisín 5.

### ***Fógraí Foirceannta***

Fuarthas amach, maidir le cásanna díospóide go leor a phróiseáil an BTCP, nach Fógra Foirceannta bailí a sheirbheáil an tiarna talún nó an tionónta mar nach raibh sé ag cloí le forálacha na reachtaíochta nua. Dá bhrí sin, tá teimpléad den Fhógra um Fhoirceannadh curtha ag an mBord ar a suíomh idirlín. Is féidir le tiarnaí talún agus tionóntaí fógraí foirceannta caighdeánacha a fháil freisin ó Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath' agus ó Chumann Úinéirí Maoine Réadaí na hÉireann.

### ***Seirbhísí Dlí***

Bíonn an BTCP páirteach i go leor cásanna Cúirte mar gheall ar a bhfeidhmeanna faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Taganna na cásanna seo chun cinn nuair nach gcloítear le horduithe cinnidh nó le ceangaltais chlárúcháin, rle. agus freisin in achomhairc na Cúirte Cuarda agus na hArdchúirte ar chinntí de chuid an BTCP nó athbhreithnithe breithiúnacha. I 2005, dhein an Bord 99 Ordú Cinnidh agus faoi dheireadh na bliana bhí 13 de na hOrduithe seo (13%) curtha ar aghaidh chuig an gCúirt Chuarda le forfheidhmiú. Bhí baint ag 7 gcinn acu seo le Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus bhí na 6 cinn eile bainteach le Cúirteanna Cuarda taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Maidir le 2 chás acu seo, is aturnaetha a bhí páirteach maidir le freagairt, ar son an BTCP, d'imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha a thóg páirtithe éagóraithe. Lorgaíodh freisin tuairim abhcóide sinsearach agus comhairle abhcóide sóisearach maidir le 2 cheist ar leith le linn na bliana. Le linn 2005, bhí caiteachas de bheagnach €90,000 ar an BTCP do tháillí dlíthiúla. Ag deireadh na bliana, bhí comhráití fós ar siúl maidir le socruithe nua do sholáthar seirbhísí dlíthiúla.

### ***Eolas agus Taighde***

#### ***Seoladh do na Meáin***

D'oscail an tAire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach, An tUas. Noel Ahearn T.D. oifigí an BTCP go hoifigiúil ar an 6 Nollaig 2004.

#### ***Suíomh Idirlín BTCP***

Ag deireadh mhí na Bealtaine 2005 sheol an BTCP a suíomh idirlín féin [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie). An aidhm atá leis an suíomh idirlín ná eolas cruinn agus praiticiúil a chur ar fáil do thiarnaí talún agus tionóntaí. Tá cóipeanna de bhileoga eolais an BTCP agus an fhoirm iarratais do chlárúchán tionóntachta le fáil ar an suíomh. Tá roinnt de na ceisteanna is mó a chuirtear agus na freagraí orthu ar an suíomh agus nuashonraítear iad seo go rialta. Chomh maith leis sin, tá na hOrduithe Cinnidh a rinne an Bord i leith cásanna díospóide críochnaithe foilsithe ar an suíomh.





### **Cur i Láthair don Choiste Oireachtais Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil**

Rinne an tUas. Tom Dunne, Cathaoirleach an BTCP, cur i láthair ar an 6 Iúil 2005 chuig an gCoiste Oireachtais Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar oibriúcháin an Bhoird go dtí seo agus ar an straitéis agus aidhmeanna atá acu don toadhcháil.

### **Foilseachán ar bhileoga eolais**

Tá sraith bileoga eolais faoi dhualgais tiarnaí talún, dualgais tionóntaí, réiteach díospóide, clárúchán, ceadúnaithe agus foirceannadh tionóntachta, maraon le treoir sciobtha a thugann forléiriú ar phríomhfhórlacha an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 scaipthe thart go forleathan agus tá siad ar fáil freisin ar shuíomh idirlín an BTCP, [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie)



### **Méid fiosrúcháin a fuarthas isteach**

Tá páirt ghníomhach ag an BTCP, ó thosaigh sé amach, maidir le eolas a chur ar fáil faoi na fórlacha nua reachtaíochta a mbíonn tionchar acu ar thiarnaí talún agus tionóntaí. D'fhreagair an fhoireann go leor fiosrúchán faoi ghnéithe éagsúla den reachtaíocht nua agus ceistanna eile tionóntachta. Bíonn baint ag go leor de na glaochanna seo le gnéithe ar leith i gcásanna éagsúla agus tógann sé roinnt ama iad a mhíniú d'fhoireann an Bhoird a chaitheas a bheith an-chúramach gan comhairle dlí a thabhairt. Tá sé tábhachtach a thuiscint nach féidir leis an mBord comhairle dlí a thabhairt do bhaill den phobal faoina gcúinsí ar leith.



Bíonn deacrachtaí ag roinnt daoine a bhíonn ag glaoch fáil thríd ag an mBord mar go mbíonn an oiread sin glaochanna fiosrúchán ann. Ceapadh breis lucht foirne ar an BTCP chun déileáil le fiosrúcháin agus tá feabhsúchán déanta ar an gcóras teileafóin le go mbeidh sé níos éasca ar dhaoine a theacht ar ár bhfoireann.

# Acmhainní

## Foireann

Ceadaíonn Alt 167 d'Acht 2004 don Aire seirbhísí a chur ar fáil don Bhord a áiríonn seirbhísí na foirne. De réir an ailt seo, is oifigigh Roinne den chuid is mó atá ar fhoireann an Bhoird, meascán de dhaoine atá ceaptha go hoifigiúil, daoine atá ar iasacht agus daoine sealadacha. Tógadh isteach uimhreacha éagsúla lucht foirne gníomhaireachta agus ar conradh chun tabhairt faoi obair ar leith a bhain leis an gcóras clárúcháin.

Faoi mar is gnáth le comhlachtaí Stáit, is faoi réir cead an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Aire Airgeadais a shocraítear gach gné faoin bhfoireann, a áiríonn grádanna an lucht foirne, an líon a bhíonn i ngach grád, an leibhéal íocaíochta do gach grád agus téarmaí agus coinníollacha oibre.

Is 20 lucht foirne an réamhmheastachán a bhí ann maidir leis an méid foirne a bheadh riachtanach don fheidhmiú reachtúil leanúnach ach ardaíodh é seo go 26 mar thoradh ar na seirbhísí iomlána. I mí Dheireadh Fómhair 2005 fuarthas cead ón Roinn Airgeadais foireann buan de 26 a bheith ann. I mí na Nollag 2005, d'aontaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2 bhall foirne a cheapadh don BTCP ar feadh tréimhse 12 mí.

Beidh forchostais dá chuid féin ag an athrú go dtí oibriúchán seasaimh aonair a bheidh críochnaithe is dóighe sna 6 go 8 mí seo romhainn mar ní bheidh seirbhísí eile a chuireann an tAire ar fáil faoi láthair don BTCP ann níos mó, ar nós párolla, íocaíochtaí cuntais próiseáilte sa bhrainte, Aonad TF, seirbhísí cóiríochta, oiliúint foirne, rle.



## Oiliúint

Go dtí seo, tá cúrsaí oiliúna ar fáil d'fhoireann an BTCP tríd an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Breathnaítear amach do shláinte fhostaithe an BTCP trí chomhlíonadh na gcaighdeán sláinte agus sábháilteachta. Tá ceangaltais ar leith ar fhostóirí de bharr an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989, agus chomhlíon an BTCP na ceangaltais seo, sa tréimhse athraitheach ina raibh siad ag bogadh

go dtí staid seasaimh aonair, de réir Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a máthair-roinne, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Cuirfear tús leis an obair i 2006 ar Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta don BTCP.



### ***Cúram Custaiméara***

Is é polasaí an BTCP ná déileáil lenár gcustaiméirí ar fad ar bhealach cuí, cóir, neamhchlaonta agus dea-bhéasach. Nuair atá seirbhísí á seachadadh, déantar iarracht cinntiú go bhfuiltear ag cloí le cearta an chustaiméara ar dhéileáil chothrom, a bunaíodh leis an reachtaíocht cothromais, agus go bhfreastalaítear ar aon riachtanais speisialta a bheadh ag custaiméirí. Tosófar ag obair i 2006 ar Chairt Custaiméara agus ar Ghníomhphlean Seirbhíse Custaiméara don BTCP.

### ***Airgeadas***

Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ag iniúchadh Ráitis Airgeadais an Bhoird faoi láthair agus foilseofar iad i ndoiciméad ar leith nuair atá an t-iniúchadh críochnaithe.

# *Aguisíní*



---

*Number 27 of 2004*

---

**RESIDENTIAL TENANCIES ACT 2004**

---



## LIOSTA COISTÍ AGUS A MBALLRAÍOCHT

### Coiste do Réiteach Díospóidí

Tom Dunne (Cathaoirleach an Choiste)  
James Bridgeman  
Anne Colley  
Charles Corcoran  
Tom Dowling  
John C. Elliott  
Michael Farry  
Aideen Hayden  
Mary Heaslip  
Bill Holohan  
Paulyn Marrinan-Quinn  
Bernard McDonagh  
Sheila McMahon  
Fintan McNamara  
Marjorie Murphy  
Conn Murray  
Liam Nolan  
Liam O'Donnell  
Dr Eoin O'Sullivan  
Dervla Quinn  
Dr Bairbre Redmond  
Pat Riney  
Tony Taaffe

### Coiste Alt 189

Tom Dunne (Cathaoirleach)  
James Bridgeman  
Anne Colley  
Fintan McNamara  
Dr. Eoin O'Sullivan

### Coiste Taighde

Dr. Eoin O'Sullivan, (Cathaoirleach)  
Tom Dunne  
Aideen Hayden  
Mary Heaslip  
Fintan McNamara  
Dr. Bairbre Redmond  
Pat Riney

## Aguisín 2

### LIOSTA MOLTÓIRÍ AGUS IDIRGHABHÁLAÍTHE

Ainm	Contae	Moltóir/Idirghabhálaí
Eithne Leahy	Ceatharlach	Moltóir
John Keogh	Ceatharlach	Idirghabhálaí
Paul Good	Ceatharlach	Moltóir
Tom Mooney	Ceatharlach	Idirghabhálaí
Dolores Winters	An Clár	Idirghabhálaí
Paddy Darmody	An Clár	Moltóir agus Idirghabhálaí
Seamus Bane	An Clár	Idirghabhálaí
William Moloney	An Clár	Moltóir agus Idirghabhálaí
Alex Gibbons	Corcaigh	Idirghabhálaí
Barry Cogan	Corcaigh	Moltóir
Bill Holohan	Corcaigh	Moltóir agus Idirghabhálaí
Dan Sullivan	Corcaigh	Idirghabhálaí
David Daly	Corcaigh	Moltóir agus Idirghabhálaí
Derek Nolan	Corcaigh	Idirghabhálaí
Eamon Carey	Corcaigh	Idirghabhálaí
Hugh O'Callaghan	Corcaigh	Idirghabhálaí
John Kerr	Corcaigh	Moltóir
Kevin Murray	Corcaigh	Moltóir
Kevin O'Sullivan	Corcaigh	Moltóir agus Idirghabhálaí
Kieran Coughlan	Corcaigh	Moltóir
Kieran McCarthy	Corcaigh	Moltóir
Lorraine Griffin	Corcaigh	Idirghabhálaí
Maurice O'Donoghue	Corcaigh	Idirghabhálaí
Nicholas O'Sullivan	Corcaigh	Moltóir agus Idirghabhálaí
Patrick Burke	Corcaigh	Moltóir
Patrick Kelly	Corcaigh	Idirghabhálaí
Peter van der Walt	Corcaigh	Idirghabhálaí
Richard Nagle	Corcaigh	Moltóir
Thomas Rigney	Corcaigh	Idirghabhálaí
Billy Johnston	Dún na nGall	Moltóir agus Idirghabhálaí
Francis Brennan	Dún na nGall	Idirghabhálaí
Patrick McCarroll	Dún na nGall	Moltóir agus Idirghabhálaí
Adele Gannon	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Alan Kelly	Baile Átha Cliath	Moltóir
Alan Redmond	Baile Átha Cliath	Moltóir
Anne Carroll	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí

## Aguisín 2

Ainm	Contae	Moltóir/Idirghabhálaí
Audrey O'Carroll	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Brenda Moran	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Brendan Schutte	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Brid O'Sullivan-Pentony	Baile Átha Cliath	Moltóir
Catherine Kearns	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Charles Corcoran	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Con Guiney	Baile Átha Cliath	Moltóir
Diarmuid Teevan	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Fionnula Cassidy	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Frank Guinnane	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Fred Devlin	Baile Átha Cliath	Moltóir
Geraldine Feeney	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Gerard Sweeney	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Gus Cummins	Baile Átha Cliath	Moltóir
Helen Fletcher	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Henry Murdoch	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Isabel Ryan	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Jacqueline Fitzgerald	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
James Burke	Baile Átha Cliath	Moltóir
James Doran	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Joe Behan	Baile Átha Cliath	Moltóir
Joe May	Baile Átha Cliath	Moltóir
Joe McDonagh	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
John Deeney	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
John Elliot	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
John F Daly	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
John Hyland	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
John Lowe	Baile Átha Cliath	Moltóir
John Lynch	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
John Morgan	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Johnnie McCoy	Baile Átha Cliath	Moltóir
Joseph Murray	Baile Átha Cliath	Moltóir
Joseph Whelan	Baile Átha Cliath	Moltóir
Keara Donnelly	Baile Átha Cliath	Moltóir
Laurence Doyle	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Maeve Ryan	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Martin O'Malley	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Mary McGarry	Baile Átha Cliath	Moltóir
Mary McNutt	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Maureen Mansfield	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí

## Aguisín 2

Ainm	Contae	Moltóir/Idirghabhálaí
Michael Coghlan	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Michael Farry	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Michael Moran	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Nesta Kelly	Baile Átha Cliath	Moltóir
Niall O'Hanlon	Baile Átha Cliath	Moltóir
Padraic Ingoldsby	Baile Átha Cliath	Moltóir
Padraic Muldowney	Baile Átha Cliath	Moltóir
Patrick Rowan	Baile Átha Cliath	Moltóir
Paulyn Marrinan Quinn	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Peter Cunningham	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Philip Smyth	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Pierre De Labre	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Rachel Kenny	Baile Átha Cliath	Moltóir
Robert Walsh	Baile Átha Cliath	Moltóir
Ronan Browne	Baile Átha Cliath	Moltóir agus Idirghabhálaí
Susan Meade	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Susan Moran	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
Timothy Crowley	Baile Átha Cliath	Idirghabhálaí
William Devine	Baile Átha Cliath	Moltóir
Ann O'Kelly	Gaillimh.	Idirghabhálaí
Cliona Mulcahy	Gaillimh.	Moltóir
Conor Kelly	Gaillimh.	Moltóir
Maureen Harewood	Gaillimh.	Moltóir agus Idirghabhálaí
Padraig O'Cuinn	Gaillimh.	Idirghabhálaí
Pat Fahey	Gaillimh.	Idirghabhálaí
Patrick Finn	Gaillimh.	Moltóir
Ray Flaherty	Gaillimh.	Idirghabhálaí
Therese Carroll	Gaillimh.	Idirghabhálaí
Yvette O'Malley	Gaillimh.	Idirghabhálaí
John Buckley	Ciarraí.	Moltóir
Tom Mannix	Ciarraí.	Moltóir
Frank Miller	Cill Dara	Idirghabhálaí
Hilary Sweetman	Cill Dara	Idirghabhálaí
Joseph May	Cill Dara	Moltóir
Mairead Blackall	Cill Dara	Idirghabhálaí
Martin Connolly	Cill Dara	Idirghabhálaí
Peter Keeley	Cill Dara	Idirghabhálaí
Terri Mulhall	Cill Dara	Idirghabhálaí
Ann Doran	Cill Chainnigh	Idirghabhálaí
Victor Branagan	Cill Chainnigh	Idirghabhálaí



## Aguisín 2

Ainm	Contae	Moltóir/Idirghabhálaí
Patricia Hayes	Laois	Idirghabhálaí
Tom Marshall	Laois	Idirghabhálaí
Paul Clarke	Liatrom	Idirghabhálaí
James Dennison	Luimneach	Moltóir
John Shaw	Luimneach	Moltóir agus Idirghabhálaí
Martin Kay	Luimneach	Idirghabhálaí
Paddy Madden	Luimneach	Idirghabhálaí
Shaun Elder	Luimneach	Moltóir
Michael Killeen	Longfort	Moltóir agus Idirghabhálaí
Patrick Quinn	Longfort	Moltóir
Breda Tuite	Lú	Idirghabhálaí
Michael McGovern	Lú	Idirghabhálaí
Tom Hardy	Lú	Moltóir
Tony Mitchell	Lú	Idirghabhálaí
Charles Kelly	Maigh Eo	Moltóir agus Idirghabhálaí
Don McGreevy	Maigh Eo	Idirghabhálaí
John Tiernan	Maigh Eo	Idirghabhálaí
Michael Glavey	Maigh Eo	Idirghabhálaí
Richard Finn	Maigh Eo	Moltóir agus Idirghabhálaí
Brian O'Dochartaí	An Mhí	Moltóir
James Howley	An Mhí	Moltóir
Paul Grimes	An Mhí	Moltóir
Sean Bailey	An Mhí	Idirghabhálaí
John F O'Connor	Muineachán	Idirghabhálaí
John McArdle	Uíbh Fhailí	Idirghabhálaí
John Ryan	Uíbh Fhailí	Moltóir
Lucy Hartnett	Uíbh Fhailí	Idirghabhálaí
Richard Kennedy	Uíbh Fhailí	Moltóir agus Idirghabhálaí
John Callaghan	Ros Comáin	Moltóir
John Gill	Ros Comáin	Idirghabhálaí
Mary Morris	Ros Comáin	Moltóir
Anna Kenny	Sligeach	Idirghabhálaí
Con Kealy	Sligeach	Idirghabhálaí
Eric Plunkett	Sligeach	Idirghabhálaí
Mary Henry	Sligeach	Moltóir agus Idirghabhálaí
Phil Armstrong	Sligeach	Moltóir agus Idirghabhálaí
Ronnie Gillanders	Sligeach	Moltóir
Tom Callanan	Sligeach	Idirghabhálaí
Anthony Flynn	Tiobraid Árann	Moltóir agus Idirghabhálaí
Eoin Dillon	Tiobraid Árann	Moltóir

## Aguisín 2

Ainm	Contae	Moltóir/Idirghabhálaí
Helena O'Gorman	Tiobraid Árann	Idirghabhálaí
Liam Boyle	Tiobraid Árann	Idirghabhálaí
Sara O'Connor	Tiobraid Árann	Idirghabhálaí
Bill McConnell	Port Láirge	Idirghabhálaí
Don Palmer	Port Láirge	Moltóir
Jane Parella	Port Láirge	Idirghabhálaí
David Duncan	An Iarmhí	Moltóir
Ned Timlin	An Iarmhí	Idirghabhálaí
Patrick Davitt	An Iarmhí	Moltóir
Thomas Fagan	An Iarmhí	Moltóir
Colette Farmer	Loch Garman	Idirghabhálaí
Niamh Fahy O'Leary	Loch Garman	Moltóir
Patricia Stafford	Loch Garman	Idirghabhálaí
Seamus Dooley	Loch Garman	Moltóir
Colin Walker	Cill Mhantáin	Idirghabhálaí
Joe Behan	Cill Mhantáin	Idirghabhálaí
John Fitzmaurice	Cill Mhantáin	Moltóir
Liam Nolan	Cill Mhantáin	Moltóir
Thomas Woodbyrne	Cill Mhantáin	Moltóir agus Idirghabhálaí

## Aguisín 3

### FREASTAL NA MBALL BORD AR CHRUINNITHE BOIRD AGUS SONRAÍ FAOI THÁILLÍ A ÍOCTAR LE BAILL SA TRÉIMHSE 1 MEÁN FÓMHAIR 2004 GO DTÍ 31 NOLLAIG 2005

Bhí 26 Cruinniú Bord ann sa tréimhse faoi athbhreithniú. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2005 íoctar an pá seo le baill an Bhoird:

Freastal ar Chruinnithe Boird/Cruinnithe Coiste/Oiliúint: €190 - €210 leis an gCathaoirleach

Freastal ar Chruinnithe Díospóide/Éisteachtaí Binse €337 - €525 leis an gCathaoirleach

Baill Boird	Méid Cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu				Binsí ar freastalaíodh orthu		Íocaíocht
	Bord	Díospóidí	Coiste	Oiliúint	Cathaoirleach	Ball	Iomlán €
Tom Dunne, Cathaoirleach	14	10	1	1/2 lae	1	1	10,199
James Bridgeman	10	7		1/2 lae	3		6,832
Anne Colley	13	10		1/2 lae	4	3	11,523
Aideen Hayden	11	7		1/2 lae	1	4	8,143
Mary Heaslip	9	7		1/2 lae		3	6,186
Sheila McMahon	14	10	1	1/2 lae			0 *
Fintan McNamara	15	10	1	1/2 lae		4	8,864
Conn Murray	6	5	1	1/2 lae			0 *
Marjorie Murphy	12	6		1/2 lae		5	8,143
Liam O'Donnell	7	7		1/2 lae		4	6,143
Dr. Eoin O 'Sullivan	9	11	1		1	5	9,710
Dervla Quinn	11	8		1/2 lae	8	1	12,380
Dr. Bairbre Redmond	9	6	1			5	6,618
Pat Riney	8	8			1	2	6,089
Tony Taaffe	12	10		1/2 lae	3	2	9,759

## Aguisín 4

### STATISTICÍ CLÁRÚCHÁIN MAR ATÁ AR AN 31 NOLLAIG 2005

An líon iarratas cláraithe ar an gcóras ríomhaireachta	83,983
Líon tiarnaí talún	53,070
Líon tionóntaí	150,518
Meánlíon na n-iarratas a fhaightear go laethúil	231 ar an meán
Meánlíon na n-iarratas a chuirtear ar ais in aghaidh an lae mar nach mbíonn aon seic isteach leo	13 ar an meán (6%)
Meánlíon na n-iarratas a chuirtear ar ais go laethúil nach bhfuil comhlánaithe i gceart	87 ar an meán (38%)

#### Forfheidhmiú an Cheangaltais Clárúcháin


Líon Atreorúchán chuig BTCP	1,230
- Líon na gcásanna nach dteastaíonn clárúchán	107
- Líon cásanna nach bhfuil cláraithe agus atá le leanúint suas chun iad a thabhairt chun aitheantais d'ionchúiseamh	1,123
- Líon fógraí áitritheoirí atá eisithe	565
- Líon Fógraí 1 tiarnaí talún atá eisithe	864
	1,429*

\*Níl líon na bhfógraí atá eisithe cothrom le líon na n-athtreorúchán mar tugadh amach an dá fhógra i roinnt cásanna.



## STATISTICÍ AR RÉTEACH DÍOSPÓIDÍ


Ag deireadh 2005 bhí beagnach 900 cás díospóide faighte ag an BTCP. Bhí éagsúlacht sna cineálacha díospóide a cuireadh faoi bhráid an BTCP i 2005 agus tugtar sonraí faoi na cineálacha díospóide agus an dream a chuir isteach iad anseo a leanas:




Léiríonn an chart thíos an briseadh síos ar Chásanna Díospóide Críochnaithe faoi dheireadh 2005.


## Aguisín 5

Líon na gCásanna Diospóide a thógnann Tionónta



Líon na gCásanna Díospóide a Thógnann Tríú Páirtí





**Aistarraingthe** - Tá an t-iarratas aistarraingthe ag an bpáirtí nó measann an BTCP go bhfuil an cás aistarraingthe mar gheall nár bhfuarthas freagra.


**Diúltaithe ag an mBord - Alt 84** - ((Tháinig an BTCP ar an tuairim nár chóir dóibh déileáil le díospóidí de réir Alt 84, Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004)

**Dúnta** - Níor thángthas ar chomhaontú ag an idirghabháil agus ní dheacha na páirtithe níos faide leis

**Nóta:** Ní mar a chéile atá an uimhir iomlán sa tábla seo leis an uimhir sa tábla achoimre ar lth. 16 mar gheall go raibh roinnt comhiarratas ann a bhain leis an tionóntacht amháin.

# Aguisín 6

## PRÓISEAS DO RÉITEACH DÍOSPÓIDE
















Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte ina bhfuil  
75% ar a laghad de ina dhramhaíl iar-chaite.